Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2025/601

25.3.2025

# CINNEADH (CBES) 2025/601 ÓN gCOMHAIRLE

## an 24 Márta 2025

## lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2022/2319 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Háítí

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint do Chinneadh (CBES) 2022/2319 ón gComhairle an 25 Samhain 2022 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Háítí ([1]), agus go háirithe Airteagal 8(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 25 Samhain 2022, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2022/2319.

(2) An 18 Deireadh Fómhair 2024, ghlac Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe ('an Chomhairle Slándála') Rún 2752 (2024) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe lena gcinntear go bhfuil an staid i Háítí fós ina bagairt ar an tsíocháin agus ar an tslándáil idirnáisiúnta agus ar chobhsaíocht an réigiúin.

(3) I Rún 2752 (2024) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, chuir an Chomhairle Slándála in iúl gur cúis mhór imní di na leibhéil an-ard foréigin droinge agus gníomhaíochtaí coiriúla eile mar aon leis na himpleachtaí a bhaineann le staid Háítí don réigiún. Chuir an Chomhairle Slándála in iúl freisin gur cúis mhór imní di go gcuireann gáinneáil aindleathach agus atreorú arm agus armlóin chuig dronga armtha i Háítí a bhíonn i mbun gníomhaíochtaí coiriúla leanúnacha díchobhsaitheacha leis an mbonn a bhaint den smacht reachta agus den urraim do chearta an duine, go bhféadfaidís bac a chur ar sholáthar cúnaimh dhaonnúil, agus go bhféadfadh iarmhairtí diúltacha daonnúla agus socheacnamaíocha a bheith ag baint leo ar feadh i bhfad.

(4) Soiléirítear i mír 1 de Rún 2752 (2024) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe go n-áirítear saothrú aindleathach acmhainní nádúrtha nó trádáil aindleathach in acmhainní nádúrtha ar na gníomhaíochtaí a chuireann síocháin, cobhsaíocht agus slándáil Háítí i mbaol. Measann an Chomhairle gur cheart an soiléiriú sin a áireamh i mbearta sriantacha an Aontais i bhfianaise na staide i Háítí chun comhsheasmhacht a áirithiú ós rud é go bhfuil na bearta maidir le reo sócmhainní agus srianta taistil arna gcinneadh ag an gComhairle Slándála agus ag an gCoiste Smachtbhannaí ábhartha de chuid na Comhairle Slándála curtha san áireamh cheana féin iad i mbearta sriantacha an Aontais.

(5) Le mír 2 de Rún 2752 (2024) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, tugtar isteach toirmeasc ar airm agus ábhar gaolmhar de gach cineál a sholáthar, a dhíol nó a aistriú chuig Háítí, lena n-áirítear airm agus armlón, feithiclí agus trealamh míleata, trealamh paraimíleata agus páirteanna spártha don mhéid thuasluaite. Tugtar isteach leis freisin toirmeasc ar chúnamh teicniúil, oiliúint, cúnamh airgeadais nó cúnamh eile, a bhaineann le gníomhaíochtaí míleata nó le soláthar, cothabháil nó úsáid aon arm agus ábhair ghaolmhair. Dá bhrí sin, tagann Rún 2752 (2024) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe in ionad an trádbhaic arm a bhaineann le mionairm, airm éadroma agus armlón de bhun Rún 2699 (2023) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe.

(6) Tá gá le tuilleadh gníomhaíochta ón Aontas chun bearta áirithe a chur chun feidhme.

(7) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh (CBES) 2022/2319 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Cinneadh (CBES) 2022/2319 mar a leanas:

(1) Leasaítear Airteagal 1 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Toirmiscfear soláthar, díol, aistriú nó onnmhairiú díreach nó indíreach arm agus ábhair ghaolmhair de gach cineál, lena n-áirítear airm agus armlón, feithiclí míleata agus trealamh míleata, trealamh paraimíleata agus páirteanna spártha do Háítí, ó nó trí chríocha na mBallstát nó ag náisiúnaigh de chuid na mBallstát, nó lena soithí brataí nó lena n-aerárthaí, bíodh siad de thionscnamh a gcríoch nó ná bíodh.';

([1]) IO L 307, 28.11.2022, lch. 135, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2022/2319/oj.

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

‘2. Toirmiscfear an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) cúnamh teicniúil, oiliúint, seirbhísí bróicéireachta nó cúnamh eile a bhaineann le gníomhaíochtaí míleata nó le haon airm agus ábhar gaolmhar a sholáthar, a mhonarú, a chothabháil nó a úsáid, go díreach nó go hindíreach do Háítí;

(b) maoiniú nó cúnamh airgeadais a sholáthar a bhaineann le gníomhaíochtaí míleata nó le haon airm agus ábhar gaolmhar a sholáthar, a mhonarú, a chothabháil agus a úsáid, lena n-áirítear ach gan a bheith teoranta do dheontais, iasachtaí agus árachas creidmheasa onnmhairiúcháin, chomh maith le hárachas agus atháracha le haghaidh aon díolachán, soláthar, aistriú nó onnmhairiú arm agus ábhar gaolmhar, nó cúnamh teicniúil gaolmhar, oiliúint, seirbhísí bróicéireachta nó cúnamh eile a sholáthar, go díreach nó go hindíreach do Háítí.’;

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 6:

‘6. Ní bheidh feidhm ag na toirmisc a leagtar amach i míreanna 1 ná 2 maidir leis an méid seo a leanas:

(a) airm agus ábhar gaolmhar a sholáthar, a dhíol, a aistriú nó a onnmhairiú, nó cúnamh teicniúil, oiliúint, seirbhísí bróicéireachta, cúnamh nó pearsanra eile a sholáthar nó maoiniú nó cúnamh airgeadais a sholáthar do na Náisiúin Aontaithe nó do mhisean atá údaraithe ag na Náisiúin Aontaithe nó d’aonad slándála a oibríonn faoi cheannas Rialtas Háítí, a bheartaítear a úsáid ag na heintitis sin, nó i gcomhordú leo, agus atá beartaithe chun cuspóirí na síochána agus na cobhsaíochta i Háítí a chur chun cinn, agus chuige sin amháin;

(b) airm agus ábhar gaolmhar a sholáthar, a dhíol, a aistriú nó a onnmhairiú, nó cúnamh teicniúil, oiliúint, seirbhísí bróicéireachta, cúnamh nó pearsanra eile a sholáthar nó maoiniú nó cúnamh airgeadais a sholáthar do Háítí, mar a d’fhormheas an Coiste Smachtbhannaí roimh ré chun cuspóirí na síochána agus na cobhsaíochta i Háítí a chur chun cinn;

(c) soláthar, díol, aistriú nó onnmhairiú trealaimh mhíleata neamh-mharfaigh chuig Háítí atá beartaithe don úsáid dhaonnúil nó chosantach amháin, nó cúnamh teicniúil gaolmhar, oiliúint, seirbhísí bróicéireachta nó cúnamh eile nó maoiniú nó cúnamh airgeadais a sholáthar, nuair atá sé beartaithe chun cuspóirí na síochána agus na cobhsaíochta i Háítí a chur chun cinn.’;

(2) scriostar Airteagal 1a.

(3) in Airteagal 2(1), an chéad fhomhír, cuirtear an pointe seo a leanas leis:

‘(i) gabháil do shaothrú aindleathach acmhainní nádúrtha nó trádáil aindleathach acmhainní nádúrtha.’;

(4) in Airteagal 2a(1), an chéad fhomhír, pointe (a), cuirtear an fophointe seo a leanas leis:

‘(ix) gabháil do shaothrú aindleathach acmhainní nádúrtha nó trádáil aindleathach acmhainní nádúrtha;’;

(5) in Airteagal 3(1), an chéad fhomhír, cuirtear an pointe seo a leanas leis:

‘(i) gabháil do shaothrú aindleathach acmhainní nádúrtha nó trádáil aindleathach acmhainní nádúrtha.’;

(6) in Airteagal 3a(1), an chéad fhomhír, pointe (a), cuirtear an fophointe seo a leanas leis:

‘(ix) gabháil do shaothrú aindleathach acmhainní nádúrtha nó trádáil aindleathach acmhainní nádúrtha;’.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 24 Márta 2025.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

C. SIEKIERSKI